**FÓGRA** Foirm fógra le foilsiú de bhun alt 51(4A) d'Acht na mBóithre, 1993, arna leasú, i ndáil le hAthfhógairt aighneacht Chomhairle Chontae na Mí chuig an mBord Pleanála ar an 16 Nollaig 2024 ina bhfuil faisnéis bhreise shuntasach maidir leis an gcás dar tagairt ABP-318573-23

## COMHAIRLE CHONTAE NA MÍ
## SEACHBHÓTHAR BHAILE SHLÁINE N2 AGUS SCÉIM FEABHSÚCHÁIN AN FHEARAINN PHOIBLÍ

1. I gcomhréir le halt 51(2) d'Acht na mBóithre, 1993, arna leasú, rinne Comhairle Chontae na Mí ("údarás na mbóithre") iarratas chuig an mBord Pleanála ('an Bord') ar an 6 Nollaig 2023 lena cheadú maidir le forbairt bóthair bheartaithe a bhfuil a teideal thuas.
2. Cuireadh Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) arna ullmhú i gcomhréir le halt 50 d'Acht na mBóithre, 1993, arna leasú, agus Ráiteas Tionchair Natura (NIS) faoi bhráid an Bhoird mar chuid den iarratas sin.
3. Thaisc an t-iarratasóir freagra faisnéise breise leis an mBord Pleanála an 16 Nollaig 2024. Measann an Bord (i gcomhréir le halt 51(4A) d'Acht na mBóithre, 1993, arna leasú) go bhfuil sonraí breise suntasacha san fhaisnéis bhreise sin i ndáil le héifeachtaí na forbartha bóthair beartaithe ar an gcomhshaol.
4. Is féidir cóip den fhreagra le faisnéis bhreise, mar aon le doiciméadacht an iarratais bhunaidh, Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) agus Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a iniúchadh saor in aisce nó iad a cheannach ach táille shonraithe a íoc (nach mbeidh níos mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh) ag an láthair liostaithe thíos ar laethanta oibre idir **9am agus 1pm** agus **2pm agus 5pm** idir an **4 Feabhra 2025 agus an 18 Márta 2025.**

   (i) Oifigí Chomhairle Chontae na Mí, Teach Buvinda, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Uaimh, Co. na Mí C15 Y291. (Teil: 046 9097000).
5. Is féidir an doiciméadacht a iniúchadh freisin agus a íoslódáil saor in aisce ag an suíomh gréasáin: www.n2slanebypass.ie
6. Is féidir aighneachtaí nó barúlacha i ndáil leis an bhfreagairt faisnéise breise a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord (féach thíos), idir an **4 Feabhra 2025 agus 5.30pm an 18 Márta 2025.**

   Tá táille €50 ar aighneacht/barúil a dhéanamh i ndáil le hIarratas EIAR/ NIS.

   Ní bhaineann an táille le comhlachtaí forordaithe áirithe ná le húinéirí réadmhaoine agus daoine eile a bhfuil leas dlíthiúil acu i dtalamh, atá ag cur i gcoinne fháil éigeantach na talún a bhfuil leas den sórt sin acu inti i gcás um fháil éigeantach.

   Níl aon táille de dhíth chun aighneacht a dhéanamh do na páirtithe/daoine aonair sin a bhfuil aighneacht scríofa bailí déanta acu cheana féin chuig an mBord maidir leis an iarratas.

   Is féidir aighneachtaí le táille (más infheidhme) a dhéanamh tríd an bpost (chuig: **An Bord Pleanála ag 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902**), go pearsanta, agus trí thairseach aighneachta ar líne an Bhoird https://online.pleanala.ie/ga-ie/sid/observation

   Is féidir barúlacha/aighneachtaí gan táille a dhéanamh tríd an bpost, go pearsanta, agus trí ríomhphost chuig laps@pleanala.ie

   Is féidir faisnéis bhreise maidir le barúlacha/aighneachtaí a dhéanamh a fháil ó Roinn Bonneagair Straitéisigh an Bhoird Pleanála ar 01 8588100 nó ó shuíomh gréasáin an Bhoird Pleanála ag www.pleanala.ie
7. Féadfaidh an Bord, i ndáil le hiarratas ar cheadú faoi alt 51 d'Acht na mBóithre, 1993, arna leasú, tar éis teacht ar chonclúid réasúnaithe faoi alt 51(5)(c) agus iad sásta go bhfanann an chonclúid réasúnaithe cothrom le dáta, le hordú, an fhorbairt bóthair bheartaithe a cheadú, le mionathruithe nó ná n-uireasa agus faoi réir pé coinníollacha comhshaoil (lena n-áirítear coinníollacha maidir le bearta faireacháin, paraiméadair nach mór faireachán a dhéanamh orthu agus fad an fhaireacháin) a mheasann siad a bheith iomchuí, nó féadfaidh siad diúltú d'fhorbairt den sórt sin.

   Is féidir le duine bailíocht aon chinnidh a rinne an Bord Pleanála maidir le forbairt bóthair bheartaithe a cheistiú ach iarratas a chur isteach le haghaidh athbhreithniú breithiúnach faoi Rialacha na nUaschúirteanna (agus go háirithe Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna atá in I.R. Uimh. 15 de 1986 arna leasú) agus i gcomhréir le hailt 50, 50A agus 50B den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú.

   Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ón mBord Pleanála ag 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902 i ndáil leis an nós imeachta um athbhreithniú breithiúnach. Is féidir teacht ar fhaisnéis phraiticiúil maidir leis an sásra athbhreithnithe faoin gceannteideal 'Athbhreithniú breithiúnach ar chinntí pleanála' ar shuíomh gréasáin an Bhoird www.pleanala.ie nó ón suíomh gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh ag https://www.citizensinformation.ie/ga/environment/buildings- and-structures/ judicial-review-in-planning-and-environmental-matters/

**Arna dhátú an 1 Feabhra 2025.**

**Martin Murray, Stiúrthóir Seirbhísí – Iompar, Comhairle Chontae na Mí, Teach Buvinda, An Uaimh, Co. na Mí C15 Y291**